

Eleathanach254

Dé Luain 13 Feabhra 2017

An t-éan 'an traonach' go mór i mbaol

Tá baol ann nach mbeidh aon traonach fágtha sa tír roimh i bhfad. Is éan ciúin, cúthaileach é an traonach a chaitheann an geimhreadh san Afraic agus a thagann go hÉirinn sa samhradh.

Tagann níos lú ná 200 traonach fireann go hÉirinn anois agus tá sé ar intinn ag an rialtas plean a fhorbairt chun na huimhreacha seo a ardú. Bhí na héin seo in áiteanna difriúla ar fud na tíre, ach anois níl siad ach i nDún na nGall, i Maigh Eo agus i gConamara.

Blianta ó shin níor chreid muintir na hÉireann go ndeachaigh na héin ar an turas fada go dtí an Aifric. Chreid siad gur athraigh an traonach go cearc uisce sa gheimhreadh agus gur athraigh sé ar ais sa samhradh!

Deir suíomh *Birdwatch Ireland* nach bhfuil an traonach go maith ag canadh agus go bhfuil an fhuaim cosúil leis an bhfuaim ó dhá ghrátalaí cáise á gcuimilt ar a chéile!



An traonach



grátalaí cáis

Rugbaí

Dé Sathairn, d'imir Éire agus an Iodáil sa Chomórtas Sé Náisiún sa Staidio Olimpico sa Róimh. D'imir Éire go fíochmhar agus scóráil siad 28 pointe sa chéad leath agus ní bhfuair an Iodáil ach 10 bpointe. Sa dara leath lean Éire leis an imirt láidir agus an scór a bhí ann ag an deireadh ná An Iodáil 10; Éire 63.

Fuair Éire naoi n-úd ar an iomlán agus fuair CJ Stander agus Craig Gilroy 3 úd an duine. Tá Éire anois sa dara háit ar an tábla don chomórtas. Beidh siad ag imirt i gcoinne na Fraince ar an 25 Feabhra sa Staid Aviva i mBaile Átha Cliath.

Bhí mná na hÉireann ag imirt i gcoinne na hIodáile Dé Domhnaigh. Ní raibh ach 3 phointe ag an dá fhoireann ag leatham, ach sa dara leath fuair Éire 4 úd agus chríochnaigh an cluiche leis an scór An Iodáil 3; Éire 27. Tá na mná anois sa chéad áit ar an tábla. Beidh siad ag imirt i gcoinne na Fraince ar an 26 Feabhra.

Grúpa ag ullmhú do mhuintir na Siria i gContae Ros Comáin

Beidh 82 duine ag bogadh go Bealach an Doirín i gContae Ros Comáin an mhí seo chugainn. Is daoine iad a bhí ina gcónaí sa tSiria agus toisc go bhfuil cogadh ar súil ansin níl sé sábhailte do dhaoine bheith ansin.

Tá a lán tithe scriosta freisin agus mar sin níl aon teach ag daoine áirithe. Tá ar na teaghlaigh seo bogadh go tíortha eile, agus i mBealach an Doirín tá na daoine ag iarraidh fáilte mhór a chur rompu.

Thóg na daoine clós súgartha taobh amuigh agus ceann eile taobh istigh toisc go mbeidh a lán páistí ag teacht

Rinne ealaíontóir, Maria Fleming, balla fáilte le crann air chun fáilte a chur roimh na daoine nuair a thiocfaidh siad. Bhí an balla sa siopa áitiúil ag an deireadh seachtaine chun deis a thabhairt do dhaoine teachtaireachtaí a scríobh ar an mballa. Bhí aistriitheoir i láthair chun na teachtaireachtaí a aistriú go hAraibis freisin.

